



Gnó Mhaigh Eo

FOLÚNTAS: Feidhmeannach Forbartha

Tá folúntas ag Gnó Mhaigh Eo do dhuine cruthaitheach, réamhghníomhach agus cumasach chun bheith ina F(h)eidhmeannach Forbartha leis an gcuideachta chomhpháirtíochta seo, a bhfuil sé mar aidhm aici oibriú le lucht gnó an chontae lasmuigh den Ghaeltacht chun leas a bhaint as an nGaeilge mar acmhainn eacnamaíochta luachmhar.

Suíomh:

Tá oifig ag Gnó Mhaigh Eo ar an bpríomhshráid i gCaisleán an Bharraigh agus d'fhéadfaí socruithe oibre eile a éascú ar a n-áirítear oibriú ón mbaile nó ó shuíomh eile.

Buncháilíochtaí:

- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa;
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agus taithí chuí san earnáil ghnó/Ghaeilge;
- Tuiscint ar chúrsaí teanga agus gnó agus scileanna margaíochta den scoth;
- Sárscileanna riaracháin agus ríomhaireachta;
- Scileanna cumarsáide, idirphearsanta, gréasánaithe agus cur i láthair den scoth;
- Scileanna aistriúcháin ar ardchaighdeán;
- Ní mór go mbeadh an duine a roghnófar fuinniúil, solúbtha agus ábalta oibriú go han-mhaith as a stuaim féin agus le foireann;
- Cumasach in éascú grúpaí.

Tréithe inmhianaithe eile:

- Scileanna agus taithí i mbainistiú imeachtaí;
- Scileanna agus taithí i mbainistiú tionscadal;
- Taithí ar na meáin shóisialta a bhainistiú d'fhonn margaíocht a dhéanamh;
- Eolas, tuiscint agus suim i gcúrsaí Gaeilge.

Dualgais:

- Tionscadail a riaradh;
- Comhairle a chur ar ghnólachtaí & ar eagraíochtaí maidir le cúrsaí gnó (lena n-áirítear brandáil, comharthaíocht, margaíocht agus gréasánú) agus úsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó agus margaíochta agus na buntáistí a bhaineann léi;
- Gnólachtaí a spreagadh chun cur chuige dátheangach/Gaeilge a roghnú agus chun leas a bhaint as ár gcuid seirbhísí;
- Aistriúchán a dhéanamh dár gcliaint;
- Gréasánú agus caidreamh a chothú leis an lucht gnó, le heagraíochtaí fiontraíochta, le heagraíochtaí

Gaeilge agus le grúpaí pobail agus oibriú i bpáirt leo;

- Caidreamh fadtéarmach a chothú le cliaint agus monatóireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí an chontae;
- Cabhrú le Bainistíocht chun forbairt a dhéanamh ar thograí nua agus ar thionscadail reatha;
- Imeachtaí & Ócáidí a eagrú agus a reachtáil;
- Margaíocht a dhéanamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí na heagraíochta ar iliomad bealaí;
- Cuir i láthair a dhéanamh;
- Gnó Mhaigh Eo a chur chun cinn ar na meáin shóisialta, sna meáin chumarsáide agus ar shuíomh gréasáin na heagraíochta;
- Cúrsaí GDPR a chinntiú;
- Tuairisciú don Phríomhfheidhmeannach.

*Ní cur síos críochnúil é seo ar an bpost agus tá sé faoi réir athbhreithniú de réir riachtanais an ról.

Tuarastal:

Íocfar tuarastal **de réir taithí agus cáilíochtaí ar an scála €29,253 - €44,133** agus tá dhá incrimint fadseirbhíse ar an scála, **€45,546 agus €46,965 faoi seach.**

Beidh cur i láthair agus scrúdú scríofa mar chuid den agallamh – féach an cur síos thíos:

Cur i láthair: Tá sé i gceist ag Gnó Mhaigh Eo Gréasán Gnó a bhunú a chuirfidh idir seirbhísí gnó agus teanga ar fáil do ghnólachtaí agus beidh táille ballraíochta i gceist le bheith i do bhall den ghréasán. Iarrfar ar na hiarratasóirí cur i láthair 5 nóiméad a dhéanamh ar na seirbhísí gnó agus teanga a mholfaidís go gcuirfeadh an Gréasán Gnó ar fáil agus ar na straitéisí a d'úsáidfidís chun an lucht gnó a mhealladh le bheith ina mbaill.

Triail Teanga: Déanfar an triail cháilitheach teanga a eagrú ag, nó thar ceann, Ghnó Mhaigh Eo. Beidh sa triail teanga scrúdú scríofa ar ábhar ginearálta agus ar ábhar a bheidh bainteach le dualgais an phoist. Ní bheidh eolas ar théarmaí teicniúla neamhghnácha ag teastáil.

Ní mór láncheadúnas glan Éireannach tiomána a bheith ag an té a cheapfar, agus carr ar fáil dóibh le húsáid le h'aghaidh a gcuid oibre.

Ní mór don té a cheapfar bheith ar fáil chun obair um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine go hócáideach, agus a bheith solúbtha le linn tréimhsí gnóthacha.

Le h'aghaidh tuilleadh eolais, glaoigh ar Niamh ar 087 3917172.

Chun iarratas a dhéanamh, seol litir chumhdaigh agus CV chuig niamh@gnomhaigheo.ie **roimh 5i.n., Dé Céadaoin 16 Feabhra 2022.**

Is fostóir comhionannas deiseanna é Gnó Mhaigh Eo.

